

## Cuntas Leithreasa 2022

---

**Vóta 31**

**Iompar**

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2022 as leithreasaí neamhchaite 2021 faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear farasbarr €36.795 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

### ***Athruithe ar struchtúr na gclár***

Leasaíodh an fhormaid chun caiteachas cláir a chur i láthair sa vóta Iompair agus tháinig méadú ar líon na gclár ó thrí cinn go cúig cinn le haghaidh 2022. Tá an struchtúr cláir nua ag teacht níos dlúithe leis na cúig phríomh-mhodh Iompair (Taisteal Gníomhach, Iompar Poiblí, Bóthar, Aer agus Muir) agus cuirtear feabhas ar nochtadh caiteachais, dá bhrí sin. Léirítear na hathruithe ar struchtúr an Vóta freisin sa chaiteachas comparáideach do 2021.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

### ***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'óibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtáifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is

próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

### ***Athruithe ar an eagraíocht***

Le linn 2022, bhunaigh mé Rannán nua Riosca agus Rialachais sa Roinn chun na príomhfheidhmeanna riosca, rialachais, soláthair agus rialaithe inmheánaigh a thabhairt le chéile agus chun tacú leis an dea-chleachtas sna príomhréimsí sin, lena n-áirítear iad a scaradh ón Rannán Airgeadais. Chomh maith leis an struchtúr a shoiléiriú, tugadh faoi dhiantréimhse gníomhaíochta chun athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar na socruithe atá i bhfeidhm. Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích cheana féin agus áirítear iad sna míreanna gaolmhara thíos. Ina theannta sin, tá socruithe nua maidir le nochtadh cosanta curtha i bhfeidhm ag an Roinn i gcomhar le reachtaíocht nua sa réimse seo, agus roinnt gníomhartha tacaíochta lena n-áirítear clárú leis an gcairt *Ionracas ag an Obair* de chuid Transparency International. Tá obair ar bun freisin chun cultúr, luachanna agus iompraíocht chuí a fhorbairt tar éis phaindéim Covid-19 i gcomhthéacs na hoibre cumaisc.

### ***Seirbhísí comhroinnte***

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhuí iniúchóireachta a fhorbairt. Sa litir sin, pléitear leis an gcreat rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus cuimsítear tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh den timpeallacht seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe (CBSF) idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

### ***Imscrúdú Fóiréinseach***

Rinneadh tagairt i gCuntas Leithreasa 2021 don tuarascáil a d'fhoilsigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le soláthar feithiclí ag Garda Cóta na hÉireann. Bhí roinnt moltaí ann sa tuarascáil, ar ghlac an Roinn leo ar fad agus a cuireadh i ngníomh. D'éirigh leis an Roinn seirbhísí saineolaí neamhspleách tríú páirtí a fháil freisin chun scrúdú fóiréinseach breise a dhéanamh ar phróisis soláthair i nGarda Cóta na hÉireann agus ar thaifid ábhartha eile thar thréimhse fhada. Tá an t-imscrúdú fóiréinseach tugtha chun críche. Tá na chéad chéimeanna eile sainaitheanta ag an Roinn agus tá siad sin á saothrú go gníomhach.

### ***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá creat bainistíochta airgeadais aibí i bhfeidhm ag an Roinn, rud a feabhsaíodh go luath in 2021 trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus níos déanaí sa bhliain trí thástáil phíolótach rathúil agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chumas uathobrithe róbaitigh próisis (URP) sa réimse próiseála cuntas. Le linn 2022, leathnaigh an Roinn an raon gníomhaíochtaí arna ndéanamh trí úsáid a bhaint as URP agus chuir sí bearta breise i bhfeidhm chun an timpeallacht rialaithe airgeadais a neartú tuilleadh.

Áirítear ar na feabhsuithe sin athbhreithniú ar an ordlathas formheasa a chuirtear i bhfeidhm maidir le soláthar agus idirbhearta airgeadais tríd an líon leibhéal formheasa a mhéadú agus athbhreithniú ar na teorainneacha ag gach ceann de na leibhéil sin, lena n-áirítear roinnt laghduithe suntasacha. Leanadh de chóras oibríochtaí fócaíochtaí na Rannóige Airgeadais a bheith deimhnithe ag ISO agus rinneadh an léarscáil phróisis don chóras 'soláthar le híoc' a dhoiciméadú agus a dheimhniú.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

#### ***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta, agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ar bun laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú, agus
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh Rannán Airgeadais na Roinne caighdeán ISO 9001:2015, suas go dtí 2024. Sonraítear leis an gcaighdeán idirnáisiúnta sin, arna fhoilsiú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeán (ISO), na ceanglais maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Is córas foirmiúil é QMS lena ndoiciméadaítear próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí le haghaidh beartais cháilíochta agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach. Rinneadh iniúchadh bliantúil ar QMS na Rannóige Airgeadais i gcoinne cheanglas ISO agus tá sé deimhnithe go gcomhlíonfaidh sé ISO 9001:2015 suas go mí Feabhra 2024.

#### ***Soláthar***

Deimhním go bhfuil struchtúr feabhsaithe curtha ar bun ag an Roinn lena chinntiú go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Le linn 2022, rinne an Roinn roinnt gníomhartha chun a cleachtas soláthair a neartú, lena n-áirítear oifig thiomnaithe soláthair. Cuireann an oifig soláthair comhairle agus treoir ar fáil maidir le soláthar comhlíontach a dhéanamh agus tá seicliosta curtha i bhfeidhm aici don phróiseas soláthair a forbraíodh i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Cuireadh iniúchadh inmheánach ar shocruithe soláthair (a rinneadh trí sholáthraí seachtrach) i gcrích i Ráithe 4 agus tá aghaidh le tabhairt ar na moltaí a tháinig as sin in 2023. Áirítear iad seo leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu cheana in 2023:

- is ag an bhfoireann soláthair amháin atá na cearta le haghaidh foilsíú ar eTenders, agus déanann an fhoireann soláthair athbhreithniú ar RFTanna agus cáilíocht a dhearbhu ina leith sula bhfoilsítear iad
- suíomh soláthair tiomnaithe ar SharePoint
- sraith nótaí beartais soláthair, lena n-áirítear camastaíl tairiscintí agus tairiscint chlaonpháirteach, meastóireacht ar thairiscintí, coimeád taifead le haghaidh soláthair
- soláthairtí os cionn €25,000 á mbainistiú go lárnach anois ag foireann soláthair an rannáin rialachais, agus
- rannpháirtíocht na hoifige soláthair sa phróiseas soláthair cuardaigh agus tarrthála (SAR).

Tá mionsonraí maidir le ceithre chonradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 curtha ar fáil ag an Roinn don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de chúig chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €862,794 san iomlán iad (gan CBL a áireamh), mar a leagtar amach thíos:

- Leanadh de thrí chonradh dar luach iomlán €599,527 a bhaineann le línte léasaithe atá mar chuid de bhonneagar freagartha éigeandála Gharda Cósta na hÉireann (IRCG) gan próiseas iomaíoch mar gheall ar ghanntanas foirne agus tosaíocht a thabhairt do thionscadail eile. Tá próiseas tairisceana ar bun faoi láthair chun conradh nua a chur in áit dhá cheann de na trí chonradh línte léasaithe sin in 2023. Tabharfar faoin bpróiseas tairisceana don chonradh atá fágtha ansin.
- Bhí conradh amháin dar luach €170,232 le haghaidh seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin bád neamhchomhlíontach. Tá sé i gceist próiseas iomaíoch a réachtáil i Ráithe 4 de 2023 le haghaidh na seirbhísí sin.
- Bhí conradh amháin dar luach €93,035 a bhain le stóráil doiciméad ar feitheamh údarú scriosta ón gCartlann Náisiúnta neamhchomhlíontach. Tá údarú faighte anois ón gCartlann Náisiúnta. Tá próiseas soláthair nua ag céim na meastóireachta tairisceana faoi láthair agus táthar ag súil go dtiocfaidh an próiseas soláthair chun críche in 2023.

### ***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsana a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu. Mar chuid de na socrúithe atheagrúcháin rialachais a cuireadh i bhfeidhm i mí Feabhra 2022, bhog an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ón rannán Muirí go dtí an Rannán Rialachais. Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí de réir chairt scríofa a cheadaigh mé mar Ard-Rúnaí. Anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige atá mar bhonn eolais dá chuid oibre agus bunaítear a chuid pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, atá faofa agamsa, ar an anailís sin. Is é is aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann an tArd-Rúnaí agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus táim tiomanta don chéad athbhreithniú eile a dhéanamh in 2023. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí.

Le linn 2021, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí roinnt príomh-mholtaí tar éis na n-iniúchtaí atá liostaithe thíos.

#### ***Iniúchadh ar an bpróiseas nochtá chosanta (trí ardchinneadh).***

Chinn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí gurb amhlaidh, cé go raibh beartas nochtá chosanta i bhfeidhm, nach raibh aon chur chuige comhsheasmhach ann maidir le hathbhreithniú agus measúnú ar nochtáí cosanta ar fud na Roinne ná maidir leis an dóigh a gcaitear leo.

I mí Eanáir 2023, d'fhoilsigh an Roinn Beartas agus Nósanna Imeachta nuashonraithe um Nochtadh Cosanta lena dtugtar aghaidh ar chinntí agus moltaí na tuarascála iniúchta.

#### ***Iniúchadh ar na socrúithe atá i bhfeidhm maidir le bainistíocht agus monatóireacht ar chibearshlándáil sa Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe Feithiclí (DVCS) (dhá ardchinneadh).***

Rinneadh ceithre mholadh maidir le bainistíocht rochtana. Tá trí mholadh curtha i bhfeidhm. Maidir leis an gceathrú moladh, tá rochtain oibríochtúil ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF) 100% daingnithe anois trí úsáid a bhaint as fíordheimhniúchán ilfhachtóra (MFA). Úsáideann foireann DVCS agus comhpháirtithe seirbhíse an córas rochtana seo ar bhonn laethúil. Rialaíonn MFA rochtain úsáideoirí ar shonraí NVDF trí na tairseacha Gréasáin nua ach níl sé á chur i bhfeidhm ach go páirteach do líon beag grúpaí úsáideoirí faoi láthair. Coinníonn an DVCS roinnt feidhmchlár leagáide ar bun freisin nach dtacaíonn le MFA faoi láthair. Tá measúnú á dhéanamh ar na réimsí neamhchomhlíonta sin faoi láthair ag foireann ailtireachta fiontraíochta na Roinne lena fháil amach cad é an obair a theastaíonn chun fíordheimhniú iomlán MFA a bheith i bhfeidhm le haghaidh na rochtana ar fad ar an NVDF.

#### ***Athbhreithniú ar chórais TF Gharda Cóta na hÉireann (IRCG) agus ar chleachtais stóras (ardchinneadh amháin).***

Chun a chinntiú go ndéanann IRCG na stórais a bhainistiú go héifeachtúil ar fud an rannáin, mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go ndéanfadh IRCG beartas agus nósanna imeachta foirmiúla stóras a dhoiciméadú chun mionsonraí a thabhairt faoi na sreafaí próisis is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí na rannóige agus chun freagracht a shannadh d'úinéirí sonracha as gach céim den phróiseas.

D'fhostaigh an Rannán um Straitéis agus Rialachas Muirí anailísí gnó EY chun oibriú le IRCG chun roinnt gnáthnósanna imeachta oibriúcháin a dhréachtú i ndáil le stórais. Tá duine ceaptha i bpost nua mar Bhainisteoir Stórais, agus tá próiseas ar bun faoi láthair chun duine a cheapadh sa phost mar Stórhóir. Ceapadh bainisteoir tionscadail i mí Feabhra 2023 chun beartas iomlán a fhorbairt maidir le saolré sócmhainní, chomh maith leis na próisis mhionsonraithe ceann go ceann a theastóidh chun tacú leis an mbeartas.

Le linn 2022, rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí roinnt príomh-mholtaí tar éis na n-iniúchtaí atá liostaithe thíos.

*Iniúchadh ar shocruithe TF san Aonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid (RAIU).*

Tá dhá chinneadh ardleibhéal sa tuarascáil. Baineann an chéad cheann díobh leis an gcomhaontú seirbhíse idir an Roinn agus a soláthraí seirbhíse TF bainistithe. Mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an gcomhaontú seirbhíse agus go leasófaí é chun a chinntiú go bhfuil sé cuimsitheach, reatha agus ábhartha.

Baineann an cinneadh agus an moladh eile leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumraíochtaí slándála TFC agus aon choigeartuithe riachtanacha a dhéanamh. Tá an t-athbhreithniú curtha i gcrích agus tá tuilleadh bogearraí cibearshlándála á gcur i bhfeidhm, agus é mar aidhm é sin a thabhairt chun críche faoi mhí na Bealtaine 2023.

Tá comhaontú seirbhíse á dhréachtú faoi láthair agus beidh sé ag teacht le príomhtháscairí feidhmíochta seanbhunaithe, arna gcur in iúl agus arna gcomhaontú ag an soláthraí seirbhíse bainistithe.

*Iniúchadh ar shocruithe TF san Aonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Aeir (AAIU)*

Cuimsítear trí ardchinneadh sa tuarascáil. Mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí go dtabharfadh AAIU faoi athbhreithniú ar phróisis chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige a glacadh maidir le sonraí a chuireann Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) ar fáil.

Tá roinnt moltaí déanta ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí chun feabhas a chur ar shlándáil an Ionaid Comhordaithe Eorpaigh AAIU um Chórais Tuairiscithe ar Thionóiscí agus Theagmhais ar féidir le haon údarás eitlíochta san Eoraip iad a úsáid chun sonraí a bhaineann le tionóiscí agus teagmhais a thaifeadh.

Mhol an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí feabhsuithe freisin maidir le slándáil an tiomántáin chomhroinnte AAIU a óstáladh ar fhreastalaithe na Roinne.

D'athraigh an próiseas iomlán i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna mar thoradh ar aistriú chuig Deasc Bhainistithe. Tá Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) ag bainistiú rochtain ar na taifid sin anois.

*Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm sa Roinn Iompair chun tacú le soláthar éifeachtach agus comhlíontach.*

Tá dhá chinneadh sa tuarascáil seo a aicmíodh mar ardchinntí. Pléann an chéad cheann díobh le roinnt cásanna ina ndearnadh mainneachtain cloí leis na ceanglais soláthair go léir agus le bearnaí i gcoimeád taifead. Is é an moladh a bhaineann leis ná gur cheart comhlíonadh iomlán a bheith ar an ngnáthchleachtas.

Baineann an dara hardchinneadh agus an moladh gaolmhar leis an ngá atá le beartais agus lámhleabhair chuimsitheacha a bheith i bhfeidhm maidir le soláthar, agus leis an ngá atá le tacú le haonaid ghnó trí oiliúint agus comhairle chuí.

Tá tús curtha cheana féin leis an obair chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sonracha. Ina theannta sin, tugadh isteach bearta nua maidir le dearbhú in 2023 chun comhlíonadh agus rialachas foriomlán a neartú. Seo a leanas achoimre ghairid ar an obair sin.

- Tá foilsíú tairiscintí os cionn €25,000 gan CBL a áireamh láraithe anois sa Rannán Rialachais, chun comhlíonadh nósanna imeachta a fheabhsú agus chun trédhearcacht agus scaradh ról a chinntiú.
- Tá sé beartaithe treoir shonrach a fhorbairt do Rannáin maidir leis an bpróiseas aitheantais agus faofa a bhaineann le riachtanais ghnó sula ndéantar soláthar os cionn €25,000 gan CBL a áireamh. Déanfar nóta agus teimpléad nua maidir leis an mbeartas soláthair nua a rolladh amach in 2023.
- Forbraíodh tuarascáil chaighdeánaithe meastóireachta in éineacht le nóta beartais soláthair maidir le painéil mheastóireachta chun an tsraith nótaí beartais soláthair inmheánaigh atá á rolladh amach in 2023 a chomhlánú.
- Forbraíodh stór faisnéise inmheánach tiomnaithe nua trí SharePoint ar líne agus seoladh é i Ráithe 1 2023 chun faisnéis shaincheaptha a chur ar fáil chun tacú le Rannáin trí gach céim den phróiseas soláthair.
- Cuirfear béim faoi leith ar oiliúint inmheánach a chur ar fáil don fhoireann in 2023.
- Déanfar sraith 'spotseiceálacha' maidir le comhlíonadh soláthair ar bhonn ráithiúil in 2023.
- Tá treoir shonrach á forbairt do rannáin maidir le soláthar agus bainistiú taifead agus déanfar í a rolladh amach in 2023.

### **Stocáireamh Gharda Cósta na hÉireann**

Tá fardal bunaithe ar thoradh stocáirimh agus comhairimh iomláin a rinneadh i mí Eanáir 2023.

Tá tionscadal ar bun faoi láthair chun rialuithe laistigh de stórais IRCG a neartú agus tá gníomh déanta cheana féin chun na próisis bhainistíochta agus diúscartha sócmhainní atá ann a mhapáil. Sannadh acmhainní breise do stórais IRCG le linn L2 2022.

### **Creat riosca agus rialaithe**

Tá creat bainistíochta riosca ag an Roinn ina gcuimsítear an beartas riosca, clár rioscaí ina dtaifeadtar rioscaí oibríochtúla agus straitéiseacha, oifigeach riosca agus coiste riosca, agus ailíniú riosca le pleanáil ghnó bhliantúil. Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena saináithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir na tábhachta atá leo. Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí go háitiúil agus ar leibhéal an choiste riosca agus iniúchóireachta. Is mír bhuan iad rioscaí ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta, ionas go gcoinneofar an fócas ar phríomhrioscaí gnó a bhainistiú agus go gcomhtháthófar cultúr cuntasachta i ngach gné dár gcuid oibre.

Áiríodh iad seo a leanas leis na forbairtí suntasacha i mbainistíocht riosca le linn 2022:

- Beartas bainistíochta riosca nua.
- Coiste riosca athchóirithe le téarmaí tagartha nua agus clár oibre nua don choiste riosca. Tháinig an coiste riosca le chéile cúig huaire in 2022.
- Ról an chomhordaitheora riosca a bhunú agus a shainiú, rannpháirtíocht le gach rannán, athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí ar a gclár rioscaí agus é mar aidhm calabrú a dhéanamh ar chlár rioscaí na hearnála.
- Clár comhtháite rioscaí rannach a chalabrú agus a tháirgeadh.
- Forbraíodh, faomhadh agus scaipeadh a dhéanamh ar bheartais nua frithchaloise, frithbhreabaireachta agus frith-éillithe ar fud na Roinne agus oiliúint a thabhairt ina leith, mar chuid de chlár oiliúna grádbhunaithe na Roinne. Reáchtáladh seimineár gréasáin leantach ar fud na Roinne.

Áireofar iad seo a leanas le gníomhaíochtaí 2023:

- Feabhas a chur ar thuairisciú riosca do rannáin aonair agus don Roinn ina hiomláine.
- Tuilleadh forbartha agus tuilleadh tuairiscithe don Bhord Bainistíochta maidir le faire na fáistine.
- Rannpháirtíocht leis an lucht ardbhainistíochta maidir le ráiteas inghlacthachta riosca a fhorbairt don Roinn.
- Tuilleadh forbartha agus feabhsaithe ar an gcomhtháthú idir ráiteas straitéise/pleanála gnó agus bainistíocht riosca na roinne.
- Oibriú le IRCG chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh IRCG beartas bainistíochta riosca sonrath an Rannáin (Aguisín F den bheartas bainistíochta riosca).
- Rioscaí a chomhthiomsú agus a thuairisciú go ráithiúil.
- Athbhreithniú ar shocruithe iniúcháireachta.

### ***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaitníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

### ***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn leanúnach.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2022 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt. Is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcur chuige i gcónaí chun a chinntiú go bhfuil gach líne dearbhaithe ag obair go héifeachtach chun tacú leis an timpeallacht rialaithe airgeadais fhoriomlán. I gcomhar leis an díriú feabhsaithe le linn 2022, tá clár oibre sainaitheanta do 2023 chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir, na córais, na rialuithe airgeadais agus na hiompraíochtaí teorach ailínithe chun tacú leis an tosaíocht atá agam, eadhon dea-rialachais mar Oifigeach Cuntasaíochta.

**Ken Spratt**

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Iompair

22 Meán Fómhair 2023

## **Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**

### **Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

#### **Vóta 31 Iompar**

##### **Tuairim faoin gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 Iompar don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 31 Iompar, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

##### ***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Iompair agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

##### **Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

##### ***Imscrúdú fóirínseach***

Tagraíonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais d'imscrúdú fóirínseach ar sholáthairtí áirithe. Choimisiúnaigh an Roinn Iompair an t-imscrúdú tar éis do m'Oifig scrúdú a dhéanamh ar sholáthar feithiclí do Gharda Cóstá na hÉireann, ar thuairiscigh mé air i mí Dheireadh Fómhair 2021.

##### ***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2022.

**Cuntasacht as maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla**

I gCaibidil 4 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2022 breathnaítear ar chomhlíonadh ciorclán 13/2014 ag ranna áirithe de chuid an rialtais láir, lena n-áirítear Iompar, Bainistíocht agus cuntasacht i leith deontas ó chistí Stáitchiste maidir le maoiniú deontais d'údaráis áitiúla.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíoch a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhshéamhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 31 Iompar

### Cuntas Leithreasa 2022

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
<b>Caiteachas an chláir</b>				
A	Soghluaisteacht Inbhuanaithe – Taisteal Gníomhach agus Glasbhealaí		358,601	352,897
				195,795
B	Soghluaisteacht Inbhuanaithe – Laghdú Carbóin agus Iompar Poiblí			
	<i>Bunaidh</i>	1,474,976		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	148,550		
	<i>Forlíontach</i>	92,515		
			1,716,041	1,579,777
				1,521,495
C	Gréasáin Bóithre agus Sábháilteacht ar Bhóithre			
	<i>Bunaidh</i>	1,422,690		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	4,000		
	<i>Forlíontach</i>	16,654		
			1,443,344	1,432,141
				1,470,946
D	Eitlíocht Shibhialta			
	<i>Bunaidh</i>	67,417		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	8,050		
	<i>Forlíontach</i>	2,092		
			77,559	59,522
				175,336
E	Iompar Muirí agus Sábháilteacht Mhuirí			
	<i>Bunaidh</i>	108,810		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	500		
	<i>Forlíontach</i>	3,600		
			112,910	106,752
				96,580

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
<b>Ollchaiteachas</b>				
	<i>Bunaidh</i>	3,432,494		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	161,100		
	<i>Forlíontach</i>	114,861		
		<b>3,708,455</b>	<b>3,531,089</b>	<b>3,460,152</b>
<i>Lúide</i>				
F	<b>Leithreasaí-i-gcabhair</b>	<b>23,462</b>	<b>20,846</b>	<b>35,956</b>
<b>Glanchaiteachas</b>				
	<i>Bunaidh</i>	3,409,032		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	161,100		
	<i>Forlíontach</i>	114,861		
		<b>3,684,993</b>	<b>3,510,243</b>	<b>3,424,196</b>

**Barrachas**

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €197.956 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil na bhfo-mhírcheann uile ar aghaidh go 2023.

	2022	2021
	€	€
Barrachas	174,750,674	354,482,398
Géilleadh iarchurtha	(137,956,000)	(161,100,000)
<b>Barrachas le géilleadh</b>	<b>36,794,674</b>	<b>193,382,398</b>

**Ken Spratt**

Oifigeach Cuntasaíochta  
An Roinn Iompair

22 Meán Fómhair 2023

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	3,484,103	3,419,649
Pá	38,071	34,626
Neamhphá	8,915	5,877
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>3,531,089</b>	<b>3,460,152</b>
<i>Lúide</i>		
<b>Leithreasáí-i-gcabhair</b>	<b>20,846</b>	<b>35,956</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>3,510,243</b>	<b>3,424,196</b>
<b>Athruithe maidir le sócmhainní caipitil</b>		
Ceannacháin - airgead tirim	(3,997)	
Díúscairtí - airgead tirim	27	
(Brabús)/cailteanas ar dhiúscairtí	(27)	
Dímheas	2,762	
	(1,235)	1,936
<b>Athruithe maidir le glansócmhainní reatha</b>		
Gluaiseacht i bhfabhrúithe	401	
Gluaiseacht i réamhócaíochtaí	(1,802)	
Gluaiseacht i bhfardail	(307)	
	(1,708)	797
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>3,507,300</b>	<b>3,426,929</b>
<b>Caiteachas a tabhaíodh in áit eile</b>		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	19,093	16,840
Measchíosanna	3,721	3,721
<b>Glanchostas an chláir</b>	<b>3,530,114</b>	<b>3,447,490</b>

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a tabhaíodh in áit eile.

		<b>2022</b>	<b>2021</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	41	33
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	16,997	15,051
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	803	1,148
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	60	57
Vóta 20	An Garda Síochána	2	—
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	748	86
An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí		442	465
		<b>19,093</b>	<b>16,840</b>

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
<b>Sócmhainní caipitil</b>	2.1	9,591	8,830
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim	2.2	145,284	162,931
Fardail	2.3	2,661	2,354
Réamhíocaíochtaí	2.4	4,309	2,507
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	5,030	2,177
<b>Iomlán na sócmhainní reatha</b>		<b>157,284</b>	<b>169,969</b>
<b>Lúide dliteanais reatha</b>			
Costais fhabhráithe	2.6	4,167	3,766
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	1,785	1,466
Glanmhaoiniú Státchiste	2.8	148,529	163,642
<b>Iomlán na ndliteanas reatha</b>		<b>154,481</b>	<b>168,874</b>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>2,803</b>	<b>1,095</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>12,394</b>	<b>9,925</b>
<b>Arna léiriú ag:</b>			
<b>Cuntas maoinithe Stáit</b>	2.9	<b>12,394</b>	<b>9,925</b>

## 2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Mótarfheithiclí	Trealamh speisialtóra	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt <sup>a</sup>	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
<b>Ollsócmhainní</b>							
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022	2,037	12,114	1,480	16,775	27,290	—	59,696
Breiseanna	—	751	14	492	426	2,314	3,997
Coigeartuithe <sup>b</sup>	(23)	(3,348)	(211)	(786)	(1,928)	—	(6,296)
Diúscairtí	—	(14)	(237)	(109)	—	—	(360)
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022	2,014	9,503	1,046	16,372	25,788	2,314	57,037
<b>Dímheas carntha</b>							
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022	—	10,037	1,382	14,874	24,573	—	50,866
Dímheas don bhliain	—	812	4	805	1,141	—	2,762
Coigeartuithe <sup>b</sup>	—	(3,115)	(145)	(759)	(1,803)	—	(5,822)
Diúscairtí	—	(14)	(237)	(109)	—	—	(360)
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022	—	7,720	1,004	14,811	23,911	—	47,446
<b>Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022</b>	<b>2,014</b>	<b>1,783</b>	<b>42</b>	<b>1,561</b>	<b>1,877</b>	<b>2,314</b>	<b>9,591</b>
<b>Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021</b>	<b>2,037</b>	<b>2,077</b>	<b>98</b>	<b>1,901</b>	<b>2,717</b>	<b>—</b>	<b>8,830</b>

Nótaí <sup>a</sup> Rinneadh ceannach sócmhainní ar fionraí a nochtadh mar iarmhéideanna dochair eile i mblianta roimhe sin a athaicmiú chuig sócmhainní caipitil atá á bhforbairt.

<sup>b</sup> Coigeartú ar chostas stairiúil agus dímheas carntha chun sócmhainní caipitil a fuarthas faoi bhun na tairsí €10,000 a eisiadh.

**2.2 Banc agus airgead tirim**

ag an 31 Nollaig	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	144,978	162,818
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	306	113
	<b>145,284</b>	<b>162,931</b>

**Cuntais bainc tráchtála**

Chomh maith leis an gcuntas bainc tráchtála dá dtagraítear thuas, tá cuntas bainc ag an Roinn chun bailiú agus leithdháileadh mótarachánach a éascú agus chun fáiltis a aistriú chuig an Státchiste. Íoctar an t-airgead go léir a fhaightear go díreach leis an Státchiste tar éis táillí bainc a íoc. Ba é an tsuim a bhí á sealbhú ag deireadh 2022 ná €2,689 (2021: €35,000).

**2.3 Fardail**

ag an 31 Nollaig	<b>2022<sup>a</sup></b>	<b>2021</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Ábhair inchaite TF	—	95
Sainábhair inchaite (Garda Cósta na hÉireann)	2,661	2,259
	<b>2,661</b>	<b>2,354</b>

Nóta <sup>a</sup> Ag tosú in 2022, déantar míreanna mórmhéide íseal-luacha a chlárú go hiomlán mar chaiteachas sa bhliain agus ní aicmítear iad mar fhardal a thuilleadh.

**2.4 Réamhíocaíochtaí**

ag an 31 Nollaig	<b>2022</b>	<b>2021</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
